C/2023/1358

1.12.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11318 — RENGO / MC / MCT / SUN-TOX)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1358)

1. An 23 Samhain 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Rengo Co., Ltd. ('**Rengo**', an tSeapáin) trína fhochuideachta Sun-Tox Co., Ltd. ('**Sun-Tox**', an tSeapáin),

— Mitsui Chemicals, Inc. ('**MC**', an tSeapáin) trína fhochuideachta Mitsui Chemicals Tohcello, Inc. ('**MCT**', an tSeapáin).

Gheobhaidh Rengo agus MC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar MCT nuair a bheidh gnó Sun-Tox slógtha aige.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin aistriú scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Déanann **Rengo** gnó a bhaineann le pacáistíocht agus díríonn sé ar na príomhréimsí gnó seo a leanas – páipéarchlár, pacáistíocht roctha, cartáin infhillte, pacáistíocht sholúbtha agus pacáistíocht tromshaothair,

— Tá **Sun-Tox** gníomhach i dtáirgeadh scannán plaisteach agus scannáin próiseáilte thánaistigh. Is iad a dhá mhórtháirge scannán polapróipiléine dírithe (OPP) agus scannán polapróipiléine teilgthe (CPP), scannáin a úsáidtear i monarú pacáistíochta solúbtha, agus i bhfeidhmeanna eile,

— Tá **MC** gníomhach i monarú réimse leathan ceimiceán, bealaí agus roisíní le haghaidh feidhmeanna éagsúla. Tá sé gníomhach freisin i dtionscail eile nach bhfuil ábhartha maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe, amhail Réitigh Bheatha agus Cúraim Sláinte, Réitigh Shoghluaisteachta, agus Réitigh Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC),

— Tá **MCT** gníomhach i monarú scannán pacáistíochta agus leathán, go háirithe scannáin OPP, CPP agus poileitiléine ísealdlúis líní (LLDPE).

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11318 — RENGO / MC / MCT / SUN-TOX

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË